Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Comhairliúchán ar Phacáiste Dramhaíola an Gheilleagair Chiorclaigh a Thrasuí

2019

Clár Ábhair

Clár Ábhair i

1 Léargas Ginearálta 2

1.1 Réamhrá 2

1.2 Príomhleasuithe ar an gCreat-Treoir Dramhaíola 3

1.3 Príomhleasuithe ar an Treoir maidir le Líonadh Talún 4

1.4 Príomhleasuithe ar an Treoir maidir le Pacáistiú 4

1.5 Na Príomh-Athbhreithnithe ar na Treoracha maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré caite, Cadhnraí agus Taisc-Chadhnraí, agus Dramhchadhnraí agus Dramhthaisc-Chadhnraí agus Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach 4

2 Eolas ar an bPróiseas Comhairliúcháin 6

2.1 Aighneachtaí 6

2.2 Comhairliúchán ar Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola nua do Gheilleagar Ciorclach 8

3 Ceisteanna 9

3.1 Ginearálta 9

3.2 Roghanna Trasuímh 9

3.3 An Chreat-Treoir Dramhaíola 9

3.4 An Treoir maidir le Líonadh Talún a Thrasuí 9

3.5 An Treoir maidir le Pacáistiú a Thrasuí 10

1 Léargas Ginearálta

Comhairliúchán ar Phacáiste Dramhaíola an Gheilleagair Chiorclaigh a thrasuí, lena n-áirítear:

- An Chreat-Treoir Dramhaíola;
- An Treoir maidir le Líonadh Talún;
- An Treoir maidir le Pacáistiú;
- Treoracha maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite, cadhnraí agus taisc-chadhnraí, agus dramhthrealamh leictreach agus leictreonach.

1.1 Réamhrá

Chuir an Coimisiún Eorpach ceithre thogra nasctha reachtaíochta i láthair an 2 Nollaig 2015 mar chuid de líon tograí chun aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú.

Méadaíonn na tograí seo, a leasaíonn an reachtaíocht reatha, na spriocanna reatha bainistíochta dramhaíola agus tugann siad roinnt spriocanna nua isteach. Lorg na tograí, chomh maith, chun forálacha maidir le dramhaíl a chosc a neartú agus chuir siad lenár bhfreagracht, agus déanann siad sainmhínithe, oibleagáidí tuairiscithe agus modhanna ríofa a chuíchóiriú do spriocanna.

I ndiaidh go dtugtar an idirbheartaíocht reachtaíochta chun críche idir institiúidí an AE, síníodh na hachtanna deiridh an 30 Bealtaine 2018. Is iad na treoracha nua seo:

- Treoir 2018/851 (an AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl
- Treoir 2018/850 (an AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 1999/31/CE maidir le dramhaíl a thabhairt go líonadh talún
- Treoir 2018/852 (an AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 94/62/CE maidir le pacáistiú agus dramhaíl phacáistithe
- Treoracha 2018/849 (an AE) an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoracha 2000/52/CE maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite, 2006/66/CE maidir le cadhnraí agus taisc-chadhnraí agus dreamhchadhnraí agus dramhthaisc-chadhnraí, agus 2012/19/AE maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach

Tugtar faoi deara go leagtar amach ceanglais bhreise i roinnt achtanna um chur i bhfeidhm de chuid an Choimisiúin ina leagtar amach, i measc rudaí eile, riachtanais agus treoir bhreise maidir le tuairisciú.

Tá ar Bhallstáit, Éire ina measc, na ceithre threoir a thrasuíomh isteach sa dlí náisiúnta faoin 5 Iúil 2020. Tá breathnóireacht á lorg ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ó pháirtithe leasmhara maidir leis an bpróiseas trasuite seo.

Tá an Treoir maidir le Plaistic Aonúsáide (AE 2019/904) le trasuíomh isteach sa dlí náisiúnta faoin 5 Iúil 2021. Cuimsítear sa Treoir seo forálacha atá feabhsaithe, i gcomparáid leo siúd a chuimsítear sa Chreat-Treoir Dramhaíola agus sa Treoir maidir le Pacáistiú. Nuair a chuirtear na naisc seo san áireamh, lorgaítear dearcthaí, chomh maith, faoi ghnéithe den Treoir PAU a thrasuíomh.

1.2 Príomhleasuithe ar an gCreat-Treoir Dramhaíola

I measc na bpríomhghnéithe, tá an méid seo a leanas:

- na spriocanna a mhionathrú le haghaidh dramhaíl chathrach a athúsáid agus a athchúrsáil (60% faoin mbliain 2030 agus é seo a mhéadú aníos go dtí 65% faoin mbliain 2035)
- cur i bhfeidhm an ordlathais dramhaíola a neartú, mar shampla, trí chur le scóip na mbeart a cheanglaítear ar Bhallstáit a dhéanamh maidir le dramhaíl a chosc, na bearta maidir le dramhbhia ina measc; trí fhorálacha a thabhairt isteach chun éilliú amhábhar thánaisteach a sheachaint;
- riachtanais a neartú a bhaineann le bailiú dramhaíola ar leith, ach go háirithe trí dhíolúintí leis an riail a shonrú; trína cheangal chun bailiúchán ar leith a dhéanamh le haghaidh bithdhramhaíola faoin mbliain 2023 agus le haghaidh teicstílí agus dramhaíl ghuaiseach ó theaghlaigh faoin mbliain 2025;
- a cheangal ar an gCoimisiún, scrúdú a dhéanamh, faoi dheireadh 2023, ar an bhféidearthacht chun spriocanna laghdaithe dramhbhia an AE a thabhairt isteach atá le baint faoin mbliain 2030; faoi dheireadh na bliana 2024, an fhéidearthacht chun spriocanna a thabhairt isteach chun athúsáid a bhaint as táirgí agus laghdú dramhaíola anuas ar spriocanna athúsáide agus athchúrsála le haghaidh sruthanna dramhaíola ar leith; faoi dheireadh na bliana 2028, an fhéidearthacht chun athbhreithniú a dhéanamh ar sprioc athúsáide agus athchúrsála 2035 le haghaidh dramhaíl chathrach.

- riachtanais íosta a thabhairt isteach le haghaidh scéimeanna Freagracht Shínte Táirgeoirí; róil agus freagrachtaí táirgeoirí atá sainithe go soiléir, spriocanna intomhaiste bainistíochta dramhaíola, córas bailithe agus tuairiscithe sonraí a bhunú, agus caitheamh cothrom agus seirbhísí neamh-idirdhealaitheacha a sholáthar do gach rannpháirtí. Coinníollacha soiléire maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag táirgeoirí agus éiceamhodhnú a thabhairt isteach i gcás comhchomhlíonta.

1.3 Príomhleasuithe ar an Treoir maidir le Líonadh Talún

Áirítear le príomhghnéithe an togra maidir le Líonadh Talún:

- toirmeasc ar dhramhaíl a bhailítear go leithligh a thabhairt chuig líonadh talún
- an scair den dramhaíl chathrach a thugtar chuig líonadh talún a laghdú 10% faoin mbliain 2035
- a cheangal ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh, faoi dheireadh 2024, ar sprioc chainníochtúil in aghaidh an duine maidir le líonadh talún a leagan amach.

1.4 Príomhleasuithe ar an Treoir maidir le Pacáistiú

I measc na bpríomhghnéithe, tá an méid seo a leanas:

- na spriocanna a mhionathrú chun an dramhaíl phacáistithe go léir a laghdú (70% faoin mbliain 2030) anuas ar na spriocanna a bhaineann le hábhair ar leith a laghdú agus an fhéidearthacht chun maolú a thabhairt isteach i measc na mBallstáit faoi chúinsí áirithe;
- scéimeanna éigeantacha a dhéanamh de scéimeanna freagrachta táirgeoirí sínte don phacáistiú go léir faoi dheireadh 2024;
- a cheangal ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh, faoi dheireadh 2020, ar riachtanais bhunriachtanacha a neartú (ag féachaint le feabhas a chur ar dhearadh le haghaidh athúsáide agus athchúrsáil ardchaighdeáin); agus spriocanna cainníochtúla a leagan amach ar athúsáid pacáistithe agus spriocanna a athbhreithniú le haghaidh athchúrsáil dramhaíl phacáistithe faoi dheireadh 2024.

1.5 Na Príomh-Athbhreithnithe ar na Treoracha maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré caite, Cadhnraí agus Taisc-Chadhnraí, agus Dramhchadhnraí agus Dramhthaisc-

Chadhnraí agus Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach

Leagtar amach go príomha na hoibleagáidí atá ar an gCoimisiún chun gníomhartha um chur i bhfeidhm a thabhairt isteach maidir le riachtanais agus modheolaíocht tuairiscithe agus impleachtaí atá i gceist le haghaidh riachtanais tuairiscithe náisiúnta.

- A cheangal ar an gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite faoi dheireadh 2020 agus na sonraí tuairiscithe DTLL i ndiaidh go dtuairiscítear na sonraí den chéad uair.
- Naisc idir an Chreat-Treoir Dramhaíola leasaithe, an Treoir maidir le Pacáistiú agus an Treoir maidir le Plaistic Aonúsáide

Freagracht Shínte Táirgeoirí

I Meitheamh 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún Treoir 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar thionchar táirgí plaisteacha áirithe ar an timpeallacht a laghdú. Tá mar chuspóir ag an Treoir déileáil leis na deich n-earra phlaisteacha aonúsáide is mó is cúis le 70% de bhruscar muirí.

Áirítear leis an togra, (a) toirmeasc ar tháirgí plaisteacha áirithe, (b) oibleagáidí chun an úsáid a bhaintear as plaistic áirithe a laghdú agus (c) oibleagáidí ar tháirgeoirí chun íoc as na costais a bhíonn ar bhainistíocht dramhaíola agus ar ghlanadh.

Leagtar oibleagáid sa Treoir seo, i measc rudaí eile, ar Bhallstáit chun Scéimeanna Freagracht Shínte Táirgeoirí le haghaidh táirgí Tobac ina bhfuil scagairí plaisteacha, málaí plaisteacha, ciarsúir fhliucha, balúin agus trealamh iascaireachta. Cuireann an Treoir seo leis na forálacha feabhsaithe a dhéantar d'Fhreagracht Shínte Táirgeoirí a chuimsítear sa Chreat-Treoir Dramhaíola agus leis an oibleagáid atá ar gach táirgeoir pacáistithe a bheith faoi réir freagracht shínte táirgeoirí (FST), faoi mar a chuimsítear sa Treoir maidir le Pacáistiú. Anuas ar na forálacha a chuimsítear sa dá cheann de na Treoracha seo, leagtar oibleagáid sa Treoir PAU ar tháirgeoirí chun íoc as na costais a bhíonn ar bhruscar a ghlanadh agus a chóireáil.

Spriocanna Pacáistithe

Leagtar oibleagáid sa Treoir PAU ar Bhallstáit chun ábhar íosta athchúrsáilte a bhaint amach i dtaobh Buidéil Phlaisteacha PET (teireataláit phoileitiléine) a mhéid le toilleadh 3 lítear faoin mbliain 2025 agus i ngach buidéal plaisteach den toilleadh céanna faoin mbliain 2030. Anuas air sin, ní mór dúinn ráta bailiúcháin ar leith 77% de na buidéil dí go léir a mhéid le toilleadh 3 lítear a bhaint amach faoin mbliain 2025 agus 90% faoin mbliain 2029.

2 Eolas ar an bPróiseas Comhairliúcháin

2.1 Aighneachtaí

Tugann an Roinn cuireadh d'aaighneachtaí ar thrasuíomh na dTreoracha seo isteach i ndlí na hÉireann. Cuireann an Roinn roinnt ceisteanna san áireamh, chomh maith, ar shaincheisteanna ar leith faoi Mhír C sa cháipéis seo.

B'fhéidir nach bhfuil dearcthaí ag freagróirí ar na Treoracha go léir agus, ar an ábhar sin, níl aon ghá le freagra a thabhairt ar gach ceist. Is féidir le freagróirí saincheisteanna a thabhairt chun solais, chomh maith, faoi shaincheisteanna breise a bhaineann le trasuíomh na dtreoracha.

Iarrtar ar fhreagróirí chun a n-aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn (agus uimhir an pháipéir chomhairliúcháin á sainaithint go soiléir) agus, sa chás gur féidir, ar ríomhphost chuig wppr@dccae.gov.ie.

Mar rogha air sin, is féidir aighneachtaí maidir leis an gcomhairliúchán seo a sheoladh sa phost chuig:

Trasuíomh an Gheilleagair Chiorclaigh,

Beartas Dramhaíola agus Éifeachtúlacht Acmhainní,

An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil,

Bóthar an Bhaile Nua,

Loch Garman,

Y35 AP90

Is é **5pm Dé hAoine, an 21 Feabhra 2020** an dáta deiridh d'aighneachtaí. Is féidir aon cheisteanna maidir leis an gcomhairliúchán a sheoladh ar ríomhphost chuig wppr@dccae.gov.ie.

Rúndacht Aighneachtaí

Iarrtar ar rannpháirtithe a thabhairt faoi deara gurb é beartas na Roinne chun caitheamh le gach aighneacht a fhaightear mar aighneachtaí atá san fhearann poiblí, mura n-iarrtar go sonrach ar rúndacht. Iarrtar ar fhreagróirí, ar an ábhar sin, ábhar a shainaithint go soiléir a mheasann siad atá rúnda agus é sin a chur in iarscríbhinn ar leith óna bhfreagairt, agus "rúnda" a scríobh air.

Nuair a sheoltar freagairtí ar aghaidh ar ríomhphost, agus nuair a bhíonn fógraí a ghintear go huathoibríoch sna ríomhphoist siúd ina luaitear gur cheart caitheamh le hábhar na ríomhphost siúd go rúnda, ba cheart do rannpháirtithe soiléiriú a thabhairt i gcorp a ríomhphost siúd maidir le cibé acu an bhfuiltear nó nach bhfuiltear le caitheamh lena nótaí tráchta go rúnda.

Forálacha ábhartha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014

Meabhraítear d'fhreagróirí gur féidir eolas a chuirtear ar fáil don Roinn a nochtadh mar fhreagairt d'iarraidh a dhéantar faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Ar an ábhar sin, má mheasann tú go bhfuil aon eolas a sholáthraíonn tú íogair i dtaobh cúrsaí tráchtála de, iarrtar ort an t-eolas sin a shainaithint mar eolas íogair, agus an chúis atá lena íogaireacht a shonrú. Rachaidh an Roinn i gcomhairle le haon fhreagróir a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dóibh maidir leis an eolas a sainaithníodh mar eolas íogair sula ndéanfar aon chinneadh faoi aon iarraidh ar Shaoráil Faisnéise.

An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS)

Cuireadh an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí ('an RGCS') i bhfeidhm in Éirinn an 25 Bealtaine 2018 agus beartaítear go mbronnann sé smacht níos mó ar dhaoine aonair ar a sonraí pearsanta. Seo a leanas na príomhphrionsabail faoin Rialachán:

- Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht;
- Teorannú de réir cuspóra;
- Íoslaghdú sonraí;
- Cruinneas;
- Teorannú stórála;
- Iomláine agus rúndacht, agus
- Cuntasacht.

Tá an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil faoi réir fhorálacha an Rialacháin maidir le sonraí pearsanta a bhailigh sé ón dáta a cuireadh an Rialachán i bhfeidhm.

Caithfear le haon eolas pearsanta a thugtar go deonach mar chuid den chomhairliúchán seo de réir na gcaighdeán slándála agus rúndachta is airde, agus i gcomhréir dhian leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

2.2 Comhairliúchán ar Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola nua do Gheilleagar Ciorclach

I gcomhthéacs níos fairsinge Beartas Dramhaíola leasaithe, tá dearcthaí á lorg ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar Straitéis Geilleagair Chiorclaigh a fhorbairt.

Chumhdaigh cáipéis Bheartais Dramhaíola reatha an Rialtais, 'Deis Acmhainne - Beartas Bainistíochta Dramhaíola in Éirinn' an tréimhse ó 2012 go 2020 agus tá tús á chur le hobair ar phlean a chuirfear ina ionad sin.

Cuimseofar sa phróiseas comhairliúcháin ar Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach réimse saincheisteanna a bhaineann le Straitéis Geilleagair Ciorclaigh a fhorbairt. Áireofar leis seo bearta a fhiosrú chun ár spriocanna AE amach anseo a bhaint amach, agus geilleagar atá níos éifeachtúla i dtaobh acmhainní á fhorbairt i gcomhthráth.

Is féidir teacht ar eolas breise ar an gcomhairliúchán ar shuíomh gréasáin na roinne.

Is é 5pm Dé hAoine, an 21 Feabhra, 2020, an dáta deiridh d'aighneachtaí, arb ionann sin agus an t-amfhráma a bhaineann leis an gcomhairliúchán maidir le Pacáiste Dramhaíola an Gheilleagair Chiorclaigh a thrasuíomh.

Ba cheart go mbeadh freagróirí ar an eolas ar na naisc idir an dá chomhairliúchán poiblí. Díríonn an comhairliúchán ar an trasuíomh ar na hoibleagáidí dlíthiúla nach mór d'Éire a thrasuí agus a sholáthar faoi Mheitheamh 2020.

Is fearr is féidir leis an gcomhairliúchán ar phlean gníomhaíochta dramhaíola amach anseo chun breithniú a dhéanamh ar na beartais ba cheart a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh na spriocanna a bunaíodh a bhaint amach.

3 Ceisteanna

3.1 Ginearálta

1. Ainm (agus sonraí teagmhála, más mian leat)

2. Má tá aighneacht á cur ar fáil agat thar ceann eagraíochta, cé a ndéanann d'eagraíocht ionadaíocht dó?

3.2 Roghanna Trasuímh

3. An imríonn an reachtaíocht a bheartaítear tionchar ort nó an leagann sé oibleagáidí nua ort/ar d'eagraíocht go díreach?

4. Maidir le riachtanais reatha tuairiscithe laistigh de do scéim freagracht shínte táirgeoirí (FST) / tionscnamh freagracht táirgeoirí (TFT) (más ábhartha), conas is féidir iad seo a neartú nó a fheabhsú, an mbeidh gá cur leis na sonraí a bhailítear faoi láthair agus conas a dhéanfar é sin? An bhfuil bacainní air seo?

5. An bhfuil dearcthaí ginearálta agat ar conas ba cheart reachtaíocht an AE a thrasuí isteach i ndlí na hÉireann? (An phríomhreachtaíocht, Ionstraimí Reachtúla)

3.3 An Chreat-Treoir Dramhaíola

6. An bhfuil dearcthaí agat ar conas ba cheart d'Éire an Chreat-Treoir Dramhaíola a thrasuí agus aird ar leith ar na roghanna don mhéid seo a leanas:

- bailiúchán ar leith bithdhramhaíola a thabhairt isteach ón mbliain 2023 ar aghaidh?
- bailiúchán ar leith teicstílí agus dramhaíola guaisí a thabhairt isteach ón mbliain 2025 ar aghaidh?
- breithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach ar spriocanna amach anseo maidir le dramhbhia, athúsáid, athchúrsáil etc.?
- oibleagáidí breise á leagan ar tháirgeoirí faoin Treoir PAU, ar nós oibleagáidí sínte táirgeoirí, faoi mar a dtugtar cuntas air thuas?

3.4 An Treoir maidir le Líonadh Talún a Thrasuí

7. An bhfuil dearcthaí agat ar conas ba cheart d'Éire an Treoir maidir le Líonadh Talún a thrasuí agus aird ar leith ar na roghanna don mhéid seo a leanas:

- Córas éifeachtach rialaithe cáilíochta agus inrianaitheacht na dramhaíola cathrach a thugtar a fhad le líonadh talún?

3.5 An Treoir maidir le Pacáistiú a Thrasuí

8. An bhfuil dearcthaí agat ar conas ba cheart d'Éire an Treoir maidir le Pacáistiú a thrasuí agus aird ar leith ar na roghanna don mhéid seo a leanas:

- Oibleagáidí maidir le freagracht shínte táirgeoirí, síneadh a chur le scéimeanna reatha?
- spriocanna PAU (nó spriocanna eatramhacha eile) ina measc a thrasuí chun cur le baint amach na sprice?